Parlaimint na hEorpa
2014-2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2018)0506

Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2018 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeapáin, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích (08462/2018 – C8-0417/2018 – 2018/0122(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08462/2018),

– ag féachaint don Dréachtchomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeapáin, den pháirt eile (08463/2018),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 37 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagal 212(1), Airteagal 218(6) an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(8) an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0417/2018),

– ag féachaint dá rún neamhreachtach an 12 Nollaig 2018 maidir leis an dréachtchinneadh[1],

– ag féachaint do Riail 99(1) agus (4) agus do Riail 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A8-0383/2018),

1. ag tabhairt a toiliú chun an comhaontú a thabhairt i gcrích;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus na Seapáine.

---

[1] Téacsanna a glacadh, P8_TA(2018)0507.